Cork City Council
Comhairle Cathrach Chorcaí

Nuacht na Cathrach

Samhradh 2008 Eagrán 1 www.corkcity.ie info@corkcity.ie Teil: : 021 4966222

Fáilte go dtí an chéad leagan dhá-theangach de *Nuacht na Cathrach*. Tá seo á dhéanamh againn chun ár ndualgaisí faoin Acht Teanga 2003 agus ár Scéim Teanga 2007-2010 a chomhlíonadh. Tá súil againn go mbainfidh sibh taitneamh as.

Welcome to the first bilingual edition of *City News*. We have undertaken this to comply with provisions of the Language Act 2003 and our undertakings outlined in our own Irish language Scheme 2007-2010. We hope you enjoy it.

Sa ghrianghraf thuas feictear na Saorfhir nua agus a gCisteoga Saoirse á bhfáil acu ón Ardmhéara, An Comh. Donal Counihan le Bainisteoir na Cathrach, Joe Gavin agus an Feidhmeannach Sinsearach, Paul Moynihan.

Ag cruinniú speisialta de Chomhairle Cathrach Chorcaí a reáchtáladh ar an 20 Meitheamh 2008, bronnadh Saoirse Chathair Chorcaí ar Albert Reynolds agus Rt. Hon. Sir John Major KG CH.

Sleachta as Óráid an Ardmhéara

"*A aíonna oirirce, a fheara agus a mhná uaisle, tugtar cuireadh daoibh a bheith anseo inniu ionas go bhfeicfidh sibh Saoirse Chathair Chorcaí á bhronnadh ar bheirt Státairí a thosaigh próiseas le Dearbhú Downing Street, in ainneoin an atmaisféir pholaitíochta a bhí i réim, próiseas as ar bunaíodh réiteach daonlathach buan i dTuaisceart Éireann.*"

"Ní dhéantar Saoirse na Cathrach a bhronnadh ar nós cuma liom, agus luíonn sé le ciall nach mór don duine nó do na daoine ar a mbronntar an dámhachtain seo a bheith eisceachtúil nó a bheith tar éis -éacht a dhéanamh i réimse ar leith. Is dóigh liom go n-aontódh cách go gcomhlíonann faighteoirí an lae inniu na critéir seo."

"Is oiriúnach an rud é gur sa bhfoirgneamh galánta seo, Halla na Ceolchoirme i Halla na Cathrach anseo i gCorcaigh a tógadh i 1936 as cúiteamh cogaidh i ndiaidh cogadh na saoirse, atá an ócáid seo ag titim amach. Cuireann sé comhthéacs ar leith ar a bhfuil bainte amach ag an mbeirt atá á gceiliúradh inniu againn."

"Is ar bhur son a bhfuil onóir á tabhairt againn inniu d' Albert Reynolds agus don Síor Ró-Onórach John Major, mar chomhartha de cé chomh buíoch is atáimid as a gcúnamh agus den ómós atá againn ar a ndiongbháilteacht nach mbeadh glúinte d'Éireannaigh amach anseo, idir fhir agus mhná , faoi dhrochanáil na heagla agus an éadóchais, a bhí os comhair glúine eile arís in oileán na hÉireann."

"Is eol dúinn anois go raibh an diongbháilteacht seo ríthábhachtach maidir le hiarrachtaí ina dhiaidh sin agus bhí Comhaontú Aoine an Chéasta mar bhuaicphointe aici as ar bunaíodh réiteach i dTuaisceart Éireann a bhfuil meas aige ar ábhair dóchais agus ar thoilmhianta an dá phobal"

Toghann Comhairle Cathrach Chorcaí Ardmhéara nua

Ag cruinniú Chomhairle Cathrach Chorcaí Dé Luain, 23 Meitheamh 2008 thogh an Chomhairle an Comh. Brian Bermingham (FG) mar Ardmhéara Chorcaí 2008/09. Glacann an Ardmhéara leis an slabhra Oifige daichead bliain tar éis dá athair, An Comh. John Bermingham (Saorfhear Chorcaí), nach maireann, a bheith ina Ardmhéara Chorcaí.

San óráid fhadréimseach a thug sé thug an tArdmhéara nua an Comh. Bermingham cuireadh don chruinniú *"teacht i mo theannta i mbliana, mo bhliain speisialta, agus onóir á tabhairt againn don am atá thart, fad agus atá meas againn ar an am i láthair agus atáimid ag féachaint romhainn le muinín" Chuir an tArdmhéara in iúl freisin gur fearr leis an leagan Gaeilge de theideal an Ardmhéara a úsáid níos mó.*

Toghadh An Comh. Patricia Gosch (FG) mar Leas Ardmhéara.

Tugann Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh Barroso cuairt ar Cheantar Duganna Chorcaí

Ó chlé go deas: an Bainisteoir Cathrach, Joe Gavin, Comh. Denis Cregan (a bhfuil cuid de i bhfolach) (FG), An tAire Micheál Martin, Ardmhéara Chorcaí, An Comh. Damien Wallace (FF), Cathaoirleach Coiste Beartais Cheantar na nDuganna, An tUachtarán, José Manuel Barroso, An Comh. Chris O'Leary (CG), An Comh. Dónal Counihan, An Comh. John Kelleher (Páirtí an Lucht Oibre), Gerry Wrixon, Cathaoirleach Fóram Forbartha Cheantar na nDuganna, ag breathnú ar mhionsamhail de Cheantar na nDuganna ar taispeáint in Aitriam Shíneadh Halla na Cathrach.

Lch. 2 ar lean

Ar lean ó lth 1

Thug Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh , José Manuel Barroso cuairt ar Halla na Cathrach ar an 18 Aibreán agus bhuail sé leis an Ardmhéara, An Comh. Dónal Counihan, an Bainisteoir Cathrach, Joe Gavin, na Aoirí ar pháirtithe Chomhairle Cathrach Chorcaí agus oifigigh shinsearacha ó Stiúrthóireacht Cheantar na nDuganna.
Tar éis cur i láthair i Seomra na Comhairle ar phleananna athghiniúna na Comhairle Cathrach do Cheantar na nDuganna, tugadh an tUachtarán Barroso ar turas timpeall na háite.
Nuair a cuireadh ceist air an mbeadh an AE ag tacú le hainmniú cánach fabhrach don scéim chuir sé síos ar an tionscnamh mar 'an-suimiúil agus an-spreagúil' agus dúirt sé 'Tá eolas a fháil agam, ní féidir liom an cinneadh atá le déanamh a réamhcheannach nó a chlaonadh. Feictear dom gur tionscnamh an-spéisiúil é, forbairt inbhuanaithe uirbeach. Anois ní mór dúinn breathnú ar an gcomhoiriúnacht lenár rialacha féin agus breathnú an féidir linn tacú leis.'
Dúirt an tAire Micheál Martin a tháinig in éineacht leis an Uachtarán ar a chuairt go raibh Rialtas na hÉireann 'an-sásta le comhpháirtíocht chuiditheach' na n-oifigeach AE.

Plean Ceantair Áitiúil na nDuganna Theas

Ghlac Comhairle Cathrach Chorcaí go foirmiúil le Plean Ceantair Áitiúil na nDuganna Theas ag cruinniú ar an 11 Feabhra 2008. Foilsíodh an Dréachtphlean i Meitheamh 2007 agus reáchtáladh dhá shraith de chomhairliúchán phoiblí chomh maith le taispeántas poiblí i Halla na Cathrach sular fhaomh Coiste Beartais Cheantar na nDuganna agus an Chomhairle iomlán An Plean. Cuireadh mór-iarratas pleanála isteach i Márta 2008, tar éis glacadh an Phlean, a raibh baint ag an Lárionad Imeachtaí, óstán ceithre réalt agus roinnt scéimeanna cónaitheacha agus oifige leis. D'iarr an Chomhairle Cathrach breis eolais maidir leis an iarratas seo.

Seolann Comhairle Cathrach Chorcaí DVD 'Access Aware'

Dé hAoine 18 Aibreán 2008 sheol an Leas -Ardmhéara Comh. Tim Brosnan DVD faisnéise *Access Aware* ag seoladh oifigiúil i Halla na Mílaoise, Halla na Cathrach, Corcaigh.
Bhí an DVD *Access Aware,* déanta ag Grúpa Rochtana Chorcaí agus maoinithe ag Comhpháirtíocht Cathrach Chorcaí mar thoradh ar shraith cruinnithe idir Grúpa Rochtana Chorcaí agus Comhairle Cathrach Chorcaí . Is ar cheann de thorthaí na gcruinnithe seo a bhí moladh le DVD a fhorbairt a léireodh samplaí de dhea-chleachtais i gCorcaigh ina bhfuil rochtain curtha isteach i ndearadh na timpeallachta tógtha. Tá an DVD dírithe ar eolas ar dhea-chleachtais a sholáthar d'innealtóirí, do phleanálaithe agus d'ailtirí
Cuireann an DVD an tionchar i láthair an-soiléir atá ag sonraíochtaí deartha maithe ar fhoirgnimh, cosáin, etc.. a dhéanamh inrochtana do dhaoine ar mhíchumas. Beidh úsáid an-phraiticiúil aige maidir le daoine gairmiúla atá ag obair ar dhearadh na timpeallachta tógtha toisc go léiríonn sé samplaí áitiúla ina bhfuil rochtain curtha isteach i ndearadh na timpeallachta tógtha. Léiríonn na samplaí seo céard is féidir a bhaint amach le costas íosta agus ag an am céanna rochtain uasta a chinntiú do dhaoine ar mhíchumas.
Léirigh Framework Films an DVD, cuideachta déanta scannán atá bunaithe i gCorcaigh. Tharla an scannánaíocht i 2007. Scannánaigh baill de Ghrúpa Rochtana Chorcaí láithreacha i gCorcagh ina bhfuil samplaí maithe le hinrochtaineacht curtha isteach i ndearadh na timpeallachta tógtha. Bhí áthas ar an Stiúrthóireacht Pobail agus Fiontraíochta de Chomhairle Cathrach Chorcaí costas táirgeachta an DVD a chomh-mhaoiniú le Comhpháirtíocht Cathrach Chorcaí. Is féidir cóipeanna den DVD a fháil ón Aonad um Chuimsiú Sóisialta. Teil: 021 4924060.

Lifetime Lab
Promoting Understanding, Building a Better Future

Déardaoin 19 Meitheamh seoladh an "**History of the Lee Road Waterworks"** go hoifigiúil ag Ardmhéara Chorcaí, an Comh. Donal Counihan. Agus úsáid á baint as meáin éagsúla chun an scéal a insint. Tá eilimint nua curtha ag Lifetime Lab le heispéireas cuairteora a bhí .mórthaibhseach cheana féin. Fágfaidh cuairteoirí go Lifetime Lab anois agus tuiscint níos fearr acu ar stair an láithreáin, ar shaol oibre fhoireann Oibreacha Uisce agus ar oidhreacht thionsclaíoch chathair Chorcaí.

Tar éis di taighde mionsonraithe a dhéanamh ar stair na nOibreacha Uisce, ar na hinnill agus na coirí a úsáideadh ar an láithreán agus ar an bhfoireann a d'oibrigh ar an láithreán, tá péintéireachtaí déanta ag an ealaíontóir áitiúil Mags Geaney a léiríonn na hOibreacha Uisce thar an trí chéad bliain atá thart Úsáideadh na péintéireachtaí seo chun painéil léiritheacha a dhéanamh .atá suite ar fud an láithreáin agus a chuireann cuairteoirí ar an eolas faoi stair an láithreáin.

Anuas ar na péintéireachtaí agus na painéil léiritheacha, tá áthas ar Lifetime Lab trí mhionsamhail d'inneall gaille a chur ar taispeáint atá lámhdhéanta ag Ted Crosbie agus a athair Thomas Crosbie, ar mhacasamhail péire díobh d'innill a úsáideadh sna Sean Oibreacha Uisce Tá Lifetime Lab an-bhuíoch den Uasal Crosbie as na hinnill seo ar chaith sé agus a athair an oiread sin ama orthu agus ar léir go bhfuil a chroí istigh iontu.

Ted Crosbie, Peter Otter (aoi) Ardmhéara Chorcaí, An Comh. Dónal Counihan agus Michael O'Brien, Lifetime Lab.

Comhdháil na nOileán

D'oscail An tArdmhéara Comh. D'oscail An tArdmhéara Comh. Donal Counihan ***"Conference of the Isles"*** go hoifigiúil ag Óstán Silversprings Moran, Corcaigh Déardaoin 24 and Aoine 25 Aibreán 2008, óstáilte ag Comhairle Cathrach Chorcaí. D'eagraigh an Stiúrthóireacht Tithíochta agus Pobail an chomhdháil a reáchtáiltear gach bliain i láthair éagsúil agus mheall sí na céadta toscaire as Éirínn, Tuaisceart Éireann, Albain, Sasana agus as an mBreatain Bheag.

Chuaigh An tArdmhéara Comh. Donal Counihan in éineacht le Margaret Richie, Aire Forbartha Sóisialta Thuaisceart Éireann agus an tAire Sóisearach Tithíochta Batt O'Keeffe ar chuairt cúirtéise chuig an *Cork Foyer* ar Bhóthar na Deastógála, An Linn Dubh, áit ar thug bainisteoir an *foyer* Barry Waddington turas timpeall na saoráide dóibh.

Fáiltiú Cathartha a reáchtáladh ar an 13/05/08 d'Iarbhaill de Chomhairle Cathrach Chorcaí.

Dámhachtainí

Dámhachtainí eRialtais na hÉireann a reáchtáladh ar an Déardaoin 21 Feabhra 2008 in Óstán an Four Seasons, Baile Átha Cliath óstáilte ag an nuachtán *Public Sector Times* i gcomhar leis na saineolaithe ar úsáid agus ar ábhar an ghréasáin, Elucidate. Is é an tagarmharc aitheanta do shármhaitheas maidir le caighdeáin agus seirbhísí eRialtais in Éirinn iad. Spreagann na Dámhachtainí feasacht agus tugann siad aitheantas do na nuálaithe, do na daoine a smaoiníonn ar aghaidh agus do na saineolaithe atá ceannródaíoch maidir leis na hathruithe atá ag tarlú ar na bealaí a sheachadann Rialtas na hÉireann seirbhísí dá chuid saoránach.

An líne tosaigh, ó chlé go deas: Ger Desmond, An Roinn Córais Faisnéise. Joe Gavin, an Bainisteoir Cathrach, Eileen O'Leary, Roinn na gCóras Eolais. An Líne deireanach ó chlé go deas: Alan Cournane agus Catherine Kelly, an Stiúrthóireacht Pobail agus Fiontraíochta, Ruth Buckley, Ceannasaí na gCóras Eolais, Ann O'Sullivan, Grúpa Rochtana Chorcaí agus Al Devine, Roinn na gCóras Eolais.

Bhronn An Taoiseach, Bertie Ahern TD, **Dámhachtain um Sármhaitheas sa tSeirbhís Phoiblí** ar Michael O'Brien, an Bainisteoir Tionscadail, Lifetime Lab, ag Searmanas Bronnta ar an 18 Aibreán 2008.

Fáiltithe Cathartha



Is i Músaem Poiblí Chorcaí i bPáirc an Ghearaltaigh atá cloch suite anois a bhfuil armas uirthi a fuarthas ar ais ó Halla na Cathrach tar éis a dódh é i 1920.

Chláraigh an tArd-Aralt Armas Chathair Chorcaí go hoifigiúil ar an 23 Lúnasa 1949 agus cuirtear síos air mar seo leanas: "Órdha ar thonntracha mara long trí-chrann fá lántseol dualdaite idir dhá thúr dhearg ar charraigeacha dualdaite ar gach túr bratach airgid maisithe le sailtír dheirg" Leis an Rosc "Statio Bene Fide Carinis."

"Nó, ar thonnta mara long trí-chrann faoi lánseol dualdaite idir dhá thúr dhearga ar charraigeacha dualdaite ar gach túr bratach airgid maisithe le sailtír dhearg" Leis an Rosc "Statio Bene Fide Carinis."

Reáchtáladh Fáiltiú Cathartha ar an 26/02/08 chun onóir a thabhairt d'fhoirne Bhord na nÓg a d'imir thar ceann an Chontae i 2007 – Peileadóirí Faoi 14 i gCorn Tom Power, Peileadóirí Faoi 15 i gCorn Sean Mackey & Corn Humphrey Kelleher, Iománaithe Faoi 15 i gCraobh Idirmheánach Carrigdhoun , Peileadóirí Faoi 16 i gCraobh na Mumhan Faoi 16.

Reáchtáladh Fáiltiú Cathartha ar an 27/05/08 chun fáilte a fhearadh roimh an bhFoireann Rugbaí le Corn Heineken.

‘Oícheanta Spraoi sa Samhradh’

Chuir Comhairle Cathrach Chorcaí “Oícheanta Spraoi sa Samhradh ” chun cinn agus thacaigh sí go gníomhach leo- ar imeachtaí teaghlaigh malartacha iad eagraithe i bpobail áitiúla Oíche Fhéile Eoin, Dé Luain 23 Meitheamh ar fud Chathair Chorcaí.
Bhí rud éigin do gach duine ann, idir óg agus sean, ina measc brisdamhsa, amharclann phuipéad, taibheoirí sorcais, spórt, ceol, ealaíona agus ceardaíocht.
Rinneadh an Ceiliúradh saor aisce a chomhordú thar na ceithre ceantar RAPID (Athbheochan Ceantar trí Phleanáil, Infheistíocht agus Forbairt) sa chathair.
“Bhí an-rath ar an aidhm a bhí ag ‘Oícheanta Spraoi sa Samhradh’ agus b’shin imeachtaí slána dírithe ar theaghlaigh a sholáthar ar Oíche Fhéile Eoin, stiúrtha ag eagraíochtaí pobail áitiúla a tháinig le chéile agus a d’eagraigh imeachtaí ina gceantair féin as a stuaim féin, le tacaíocht ó Chomhairle Cathrach Chorcaí”, a dúirt an Comhordaitheoir, Trish Murphy. Bhí gach imeacht saor in aisce, thug siopaí áitiúla sólaistí agus bhí gach imeacht saor ó alcól.

Eagraíodh imeachtaí in

Machain **An Tóchar** **Cnoc na hAoine** **Baile na mBocht** **Fearann Rí** **An Linn Dubh** **An Gleann**

Gabhaimid buíochas ar leith leis na hEagraitheoirí, Roinn na bPáirceanna, Áineas, Taitneamheacht agus Cultúr, na Gardaí agus le gach duine eile a bhí páirteach ar an oíche.

Rath ar Shuíomh Gréasáin Chomhairle Cathrach Chorcaí



www.corcaigh.ie

I Bealtaine 2008 déanadh taifead de na híoslódálacha seo leanas:

- 3,358 íoslódálacha den leathanach Gréasáin Seirbhísí Ar Líne.
- 2,260 íoslódálacha den leathanach Gréasáin ar Deiseanna Fostaíochta i Comhairle Cathrach Chorcaí.
- 1,021 íoslódálacha den Plean Gníomhaíochta do Cheantar Bhaile an Easpaig agus Wilton
- 830 íoslódálacha de Taifead na Struchtúr atá faoi Chosaint.
- 831 íoslódálacha den leathanach Gréasáin ar Dhúnadh Bóithre agus Atreorú.
- Deineadh an Treoirleabhar do Dhaoine Nualonnaithe i gCorcaigh a íoslódáil 658 uair as Béarla agus 572 uair i bPólainnis.
- Deineadh íoslódáil ar na hasitriúcháin seo leanas den Treoirleabhar Straitéiseach do Chorcaigh: 807 cinn as Béarla, 329 cinn i Spáinnis, 165 cinn i Sínis, 106 cinn i bhFraincís agus 92 cinn in Ollainnis.

Searmanas Cathartha Gradam an Ardmhéara 2008

Suite C go D: An Dr. Patrick Galvin, Banmhéara Breda Counihan, An tArdmhéara Cmhlr. Dónal Counihan, Helen Prout, An Dr. James Donovan. **Ag Seasamh C go D:** Tony Healy, Dominick Leahy, Michael Mulcahy, Mary Hegarty, Pat Falvey.

D’fhreastal níos mó ná 400 duine ar ócáid speisialta i Halla na Cathrach ar Déardaoin an 24ú Aibreán, áit inar fhógair Ardmhéara Chorcaí, an Cmhlr. Dónal Counihan faighteoirí na nDámhachtain Chathrach 2008.
Agus é ag labhairt ag an ócáid, dúirt an tArdmhéara gur *“Cúis mhórtais dom na Dámhachtain Chathrach seo a bhronnadh ar dhaoine im thuairim-se a dhéan a gcion don chathair. Aithníonn na Gradaim seo daoine aonair as an obair éachtach atá déanta acu nó as gnóthachtáil le moladh speisialta”*
Bronnadh scrolla frámaithe agus bonn airgid greanta ar gach faighteoir. Fógraíodh buaiteoirí na Dámhachtanaí Phobail agus Deonacha 2008 ag an ócáid agus tugadh bronntaí dos na buaiteoirí agus na neasaigh i ngach ceann des na cúig chatagóirí.

Failtiú Cathartha do bhaill na foirne *Beyond Endurance Polar Expedition.*

Ar an Luan, 21 Aibreán 2008, d’óstaigh Ardmhéara Chorcaí, an Cmhlr. Dónal Counihan agus Comhairle Cathrach Chorcaí Fáiltiú Cathartha in onóir dos na ceithre baill den *Beyond Endurance Polar Expedition* dhéanadar éacht mór níos luaithe sa bhlian mar gurb iad an chéad foireann Éireannach a shroich an Mol Theas.

Clé go Deas, Pat Falvey, an tArdmhéara, an Cmhlr. Donal Counihan, Jonathan Bradshaw, an Dr. Clare O’Leary agus an Bhanmhéara Breda Counihan.Tá Shaun Menzies as láthar ón ghrianghraf.

.

Tá “Nuacht na Cathrach” curtha le chéile agus foilsithe ag:
An Roinn Cumarsáid,
Gnóthaí Corparáideach, Comhairle Cathrach Chorcaí,
Halla na Cathrach, Corcaigh.
Teil: 021 4966222
communications_section@corkcity.ie
www.corcaigh.ie

Clár 18 mí d'Oibreacha Bharda 2008/2009

Go bliantiúil, aontaíonn an Chomhairle Cathrach ar clár 18 mhí d'oibreacha ar bhonn gach bharda faoi leith. Tá na hoibreacha seo mar chuid den Chlár Oibreacha Bhóthair a cuireadh faoi bhráid an Comhairle. Tá 6 bharda sa Chathair. Tá na rudaí seo leanas clúdaithe faoin gclár oibreacha: 1)Moilliú Tráchta, 2) Dúnadh Lánaí, 3) Soilsiú Poiblí agus 4) Athdhromchlú Bóithre. Tá tráthchlár ama an Clár Oibreacha 2008-2009 liostáilte thíos.

LIMISTÉIR THOIR THUAIDH

Dúnadh Lánaí
Ciorcal Murmont/Seanbhóthar Eochaille
Seanbhóthar Eochaille/Páirc na hAbhann Móire

Moilliú Tráchta
Inis Eoghain
Bóthar Chiarraí
Ascaill Arda an Airgid

Soilsiú Poiblí
Cnoc Gardiner
Páirc na Life (Baile na mBocht)
An Bóthar Nua
Ascaill Chnoc Gardiner
An Bóthar Buí
Páirc Bellevue
Ascaill Cholm Cille

Athdhromchlú
Ascaill Belgrave
Plásóg na Cathrach Gile (1-10)
Chúirt Ghleann Criotaigh
Céide Airde an Airgid (13-47)

LIMISTÉIR THUAIDH LÁRNACH

Dúnadh Lánaí
Lána Widdering
Lána na hAbhann (Sráid Bhlarna)
Ascaill Courtney

Moilliú Tráchta
Ascaill Goldsmith
Ascaill Gharrán na mBrathar
Bóthar Cnocán Aignéas
Rampa(í) Breise ag Ascaill Cnoc Fraoigh

Soilsiú Poiblí
Páirc Uí Dhúshláine
Lána Widdering (Lána Waggetts)
Geata an tSéipéil – scéim iomlán
11, Sráid na Mainistreach Thuaidh
Ascaill Chnoc Fraoigh/Chnapóg
Cnoc Richmond
Lána Hill

Athdhromchlú - Estáit
Sráid Uí Fharacháin
Céide Ghleann na Sceach (1-23)
Eachlann Ghleann na Sceach(1-7)
Foirgnimh an Róistigh
Ascaill Naomh Muire
Halla an Tuí

LIMISTÉIR THIAR THUAIDH

Dúnadh Lánaí
Ascaill Chnapóg agus Chorrán Pháirc an Aonaigh

Moilliú Tráchta
Arda Deascabhála
Estáit Chnocán an Chuilinn
Bóthar Pháirc an Aonaigh

Soilsiú Poiblí
Clós Chluain na Páirce
Bótharín an Ghéimheannaigh
Plás Chnoc na Cille Thiar
Ascaill An Ghoirt Aird
Ascaill Naomh Clár
Bóthar an Úllóird

Athdhromchlú - Estát
Faiche Chnoc na Cille Soir/Siar
Cearnóg an Choláiste
Céide Bhaile na Trá (13-53)
Ardán Soho
Páirc Westbourne

LIMISTÉIR THEAS LÁR

Dúnadh Lánaí
Bailtíní an Locha
Bóthar Naomh Fionbarra/ Sráid Mhainistir Ghiolla Aodha
An Phlásóg Glas/Páirc Shliabh Mis
Sráid Ghúl/Cearnóg an Chrochta Mhóir

Moilliú Tráchta
Bóthar an Athar Doiminic
Bóthar Chnoc Shión
Sráid an Túir
Bóthar Éamainn Bhreatnaigh

Soilsiú Poiblí
Bóthar an Tóchair
Bóthair Sheosaimh Uí Mhurchú
Eachlann Naomh Eoin
Ascaill Ard an Mhainnínigh
Páirc Mhuire
An Bóthar Síorghlas

Athdhromchlú
Plás/Ardán Anglesea
Plás Uí Chonghaile
Foirgnimh Shíorghlasa
Ascaill Chillín Rí an Domhnaigh

LIMISTÉIR THOIR THEAS

Dúnadh Lánaí
153/153 Cúirt na gCnoc Glas
173/174 Cúirt na gCnoc Glas
Ráille – Sráid Albert/1 Árdán an Móna Rua

Moilliú Tráchta
Lána an bhFia-úll
Ascaill Arda an Airgid
Plásóg Beaumount

Soilsiú Poiblí
Sráidbhaile Aill na Carraige
Bóthar Bhaile an Locha
Lána an bhFia-úll
Bóthar na hEaglaise
Eachlann Halla na Dúghlaise
Cúirt Chor an Bheallaigh
Garrán Ferney

Athdhromchlú
Ascaill Barrington – cuid do coisithe
Ascaill Beaumount – Clifton go Templevale
Vile Shinéid
Lána na Reilige
Cúirt na gCnoc Clas – Athraigh an achar talún glas go pairceáil

LIMISTÉIR THIAR THEAS

Dúnadh Lánaí
Estát an Chorraichín

Moilliú Tráchta
Bóthar an Bhíoma Bháin
Pairc Liam Uí Loinsigh
Céide na hUaimhe Móire (Íochtarach)
Bóthar Éamainn Bhreatnaigh

Soilsiú Poiblí
Siúlán Gleannan Duille
Bóthar an Tóchair
Páirc Ghleann Dá Loch
Chúirt Sheraton
Cúirt an Chairdinéil/Cúirt Dhónail

Athdhromchlú
Plás an tSeiceamair
Bóthar an Bhiocáire
Cúirt Wilton (Cuid Deisceartach)

Ambasadóirí ag tabhart cuairt ar an Ardmhéara

Dr. Janos Balassa, An Ambasadóir Ungárach, leis an Ardmhéara, Cmhlr. Donal Counihan, ag siniú Leabhar na gCuairteoirí lena phairtnéir, Denis O' Mahony, Stiurthóir Seirbhísí, Gnóthaí Chorparáideach agus John X Millar Iontaobhas Cathartha Chorcaí Eanair 2008

Tadeusz Szumowski, An Ambasadóir Pólannach, leis an Ardmhéara, Cmhlr. Donal Counihan, ag siniú Leabhar na gCuairteoirí i láthair John O' Riordan, Feidhmeannach Sinsearach, Gnóthaí Chorparáideach. Feabhra 2008

Lucio Alberto, An Ambasadóir Iodálach, ag fáil bronntanas ón Ardmhéara, an Cmhlr. Donal Counihan, i láthair a phairtnéir agus Denis O' Mahony, Stiurthóir Seirbhísí, Gnóthaí Chorparáideach. Feabhra 2008

Do thug Leo Pol Carrewyn, Ambasadóir na Beilge, agus a phairtnéir cuairt ar an Ardmhéara, an Cmhlr. Donal Counihan, i láthair Chonsal Dominick Daly agus Denis O' Mahony, Stiurthóir Seirbhísí, Gnóthaí Chorparáideach. Feabhra 2008

Catherine Muigai Mwangi, An Ambasadóir Céineach, leis an Ardmhéara, an Cmhlr. Donal Counihan, ag siniú Leabhar na gCuairteoirí i láthair John O' Donovan, Éascaitheoir Páirtnéireachta agus John O' Riordan, Feidhmeannach Sinsearach, Gnóthaí Chorparáideach. Aibreán 2008

Emil Yalnazov, An Ambasadóir Bhulgárach, leis an Ardmhéara, an Cmhlr. Donal Counihan ag siniú Leabhar na gCuairteoirí i láthar a phairtnéir. Aibreán 2008

Borys Bazylevskyi, Ambasadóir na hÚcre, leis an Ardmhéara, an Cmhlr. Donal Counihan, ag siniú Leabhar na gCuairteoirí i láthair Jo Gazely, Ardoifigeach Foirne, Gnóthaí Chorparáideach. Aibreán 2008

P.S Raghawan, An Ambasadóir Indiach, ag fáil bronntanas ón Ardmhéara, an Cmhlr.. Donal Counihan. Aibreán 2008

Taeyong Cho's, Ambasadóir An Chóiré Theas, leis an Ardmhéara, an Cmhlr. Donal Counihan, ag siniú Leabhar na gCuairteoirí i láthair a pháirtnéir agus Paul Moynihan, Feidhmeanach Sinsearach Gnóthaí Chorparáideach. Meitheamh 2008

Tugann Céad-Aire Thuaisceart ÉireannCuairt ar Halla na Cathrach

Jan Gabor, Ambasadóir na Slóvaice, leis an tArdmhéara, an Cmhlr. Donal Counihan ag síniú Leabhar na gCuairteoirí. Meitheamh 2008

An Ardmhéara, an Cmhlr. Donal Counihan, leis an Rev. Ian Paisley, Ceád-Aire Thuaisceart Éireann, ag siniú Leabhar na gCuairteoirí nuair a thug se cuairt ar Chathair Chorcai i mí an Mheithimh.

Cork City Council Elected Members - Baill Tofa de Chomhairle Cathrach Chorcaí

Parties abbreviated as follows — Páirtithe Giorraithe mar seo leanas

Fianna Fáil F.F., Fine Gael F.G., Progressive Democrats P.D., Sinn Féin S.F., Labour Lab.,The Socialist Party Soc., The Green Party G.P., Independent Ind.

Cork North East Local Electoral Area Toghcheantar Thoir Thuaidh

Cllr. Mairin Quill 1 Wellesley Tce.,Wellington Road **P.D**. Tel. (Home) 4551677
Cllr. Tim Brosnan 7 St. Christopher's Rd. Montenotte **F.F.** Tel. (Home) 4504326
Cllr. John Kelleher 34 Silverheights Drive, Mayfield **Lab.** Tel. (Home) 4509965
Cllr. Dara Murphy 1 Herbert Park, Gardiners Hill **F.G.** Tel. (Mob.) 086-3884775
Cllr. Annette Spillane 32 Kinvara Close, Ballyvolane **S.F.** Tel. (Mob.) 087-6649116

Cork North Central Local Electoral Area Toghcheantar Lár Thuaidh

Cllr. Mick Barry 6 Seminary Villas, Blackpool, **Soc.** (Mob.) 087-2052722
Cllr. Catherine Clancy 5 Assumption, Rd. Blackpool **Lab.** Tel.(Mob.) 087-2721501
Cllr. Gary O' Flynn Constituency Office, Unit 3A,NOF Commercial Park, Kilnap, Mallow Road **F.F.** Tel.(Home) 4311200
Cllr. Damian Wallace 28 Shandon Street **F.F.** Tel. (Home) 4503695
Cllr. Patricia Gosch Castlejane, Glanmire **F.G.** Tel. (Mob.) 086-8518362

Cork North West Local Electoral Area Toghcheantar Thiar Thuaidh

Cllr. Jonathan O'Brien 11 Fairfield Green, Farranree **S.F.** Tel. (Home) 4302530
Cllr. Dave McCarthy 8 Hillcrest Avenue, Blarney Road **Ind.** Tel. (Home) 4302626
Cllr. Michael O'Connell 78 Briars Court, Shanakiel **Lab.** Tel. (Mob.) 086-8351333
Cllr. Tony Fitzgerald The Bungalow, Harbour View Rd, Hollyhill **F.F.** Tel. (H.) 4302032
Cllr. Joe O'Callaghan 2 Lapps Quay (Mob.) **F.G.** Tel. (Mob.) 087 6784742

Cork South East Local Electoral Area Toghcheantar Thoir Theas

Cllr. Donal Counihan,17 Silverdale Ave., Ballinlough **F.F.** Tel. (Home) 4295245
Cllr. Chris O'Leary 17 Loughmahon Rd., Mahon **G. P.** Tel. (Home) 4357570
Cllr. Denis O' Flynn 1 Dunvale Rise, Frankfield, Douglas **Lab.** Tel. (Home) 4361522
Cllr. Terry Shannon 33 Lake Lawn, Well Road, Douglas **F.F.** Tel. (Home) 4364385
Cllr. Jim Corr "Kakuri", Hettyfield, Douglas **F.G.** Tel. (Home) 4291400
Cllr. Laura McGonigle 27 Marble Hall Pk. Ballinlough Rd. **F.G.** Tel. (Mob.) 086 0829371

Cork South Central Local Electoral Area Toghcheantar Lár Theas

Cllr. Seán Martin 137 Evergreen Road,Turners Cross **F.F.** Tel. (Mob.) 087-2908298
Cllr. Tom O'Driscoll 95 Fr. Dominic Road,Ballyphehane **F.F.** Tel. (Home) 4317190
Cllr. Denis Cregan 7 Elm Grove, Ballinlough **F.G.** Tel. (Mobile) 087-2429942
Cllr Lorraine Kingston 1 Pier View, Castle Road, Blackrock **Lab.** (Mob) 086 8138189
Cllr. Fiona Kerins 25 Hillview Estate, Tramore Road **S.F.**

Cork South West Local Electoral Area Toghcheantar Thiar Thuaidh

Cllr. Fergal Dennehy "Pallasmore", Deanwood Avenue, Togher **F.F.** Tel (Home) 4319551
Cllr. Mary Shields 48 Halldene Avenue, Bishopstown **F.F.** Tel (Home) 4544486
Cllr. Brian Bermingham 7 Cherry Grove,Model Farm Road **F.G. (**Home) 4543775
Cllr. Michael Ahern 3 Kenley Cresent, Westgate Rd. Bishopstown **Lab.** (H) 4342521
Cllr. John Buttimer 25 Benvoirlich, Estate Bishopstown **F.G.** Tel. (Mob) 087 6384381